

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge
‘Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Choimisinéara Teanga agus Ábhair Ghaolmhara’
Ráiteas Tosaigh an Choimisinéara Teanga
(Seomra Coiste 4, Tithe an Oireachtais – 2 Deireadh Fómhair 2024)

A Chathaoirligh, agus a chomhaltaí uile an choiste,

Gabhaim buíochas leatsa agus le baill uile an choiste as an gcuireadh teacht in bhur láthair chun trácht a dhéanamh ar phríomhthorthaí Thuarascáil Bhliantúil m’Oifige do 2023. Fáiltím roimh an deis thábhachtach seo le trácht a dhéanamh freisin ar na dúshlán agus na deiseanna is suntasaí atá os ár gcomhair i láthair na huaire maidir lena chinntiú go dtagann feabhas as cuimse ar na seirbhísí poiblí atá an Stát ag soláthar trí Ghaeilge do phobal labhartha na Gaeilge.

Tá tráth cinniúnach linn maidir le cearta teanga phobal na Gaeilge a láidriú. Is beart suntasach de chuid an Stáit é Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 ach caithfear a chinntiú go bhfeidhmeofar na forálacha reachtúla uile atá cuimsithe san Acht. Coinneodh muid i gcuimhne an bhunaidhm atá ag seirbhísí poiblí an Stáit, is é sin, caighdeán saoil an phobail a fheabhsú agus forás an phobail a éascú. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeadh muinín ag pobal na Gaeilge sna seirbhísí poiblí a chuireann an Stát ar fáil trí Ghaeilge. Cothaítear muinín i seirbhísí poiblí nuair a fheiceann an pobal go bhfuil cothrom na Féinne á fháil aige i ndáil le seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ina rogha teanga, gan bhac, gan stró.

Gearáin

Tá sé soiléir ó líon agus ó chineál na ngearán a fhaigheann m’Oifig ar bhonn leanúnach go bhfuil obair mhór le déanamh chun an mhuinín sin a chothú agus go mbeidh muinín ag pobal na Gaeilge i seirbhísí poiblí Gaeilge an Stáit. Tháinig méadú 6% ar líon na ngearán a fuair m’Oifig i gcaitheamh na bliana 2023, méadú ó 600 go 634. Léiríonn líonmhaireacht agus cinéal na 634 gearán a fuair m’Oifig i gcaitheamh 2023 go bhfuil

géarghá le trí bheart shonracha le dul i ngleic leis na bearnaí suntasacha atá sa soláthar reatha seirbhísí poiblí i nGaeilge:

1. Lánfheidhm a thabhairt d'fhorálacha nua Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.
2. Caighdeáin Teanga théagartha a thabhairt i bhfeidhm a rachaidh i ngleic leis na bearnaí follasacha atá i seirbhísí poiblí an lae inniu i nGaeilge de thoradh laigí sheanchóras na Scéimeanna Teanga.
3. Forbairt agus feidhmiú an Plean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí i nGaeilge faoi scáth an Choiste Chomhairligh a bhunaigh an tAire. Beidh sé riachtanach go leagfaidh an Plean Náisiúnta amach mapa bóthair trína rachfar i ngleic leis na bearnaí móra reatha i seirbhísí poiblí i nGaeilge.

Forálacha nua Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

An fhoráil 20% d'earcaithe ag a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge faoi 2030

Tá an staid reatha nach bhfuil dóthain foirne le Gaeilge mhaith fostaithe ag comhlachtaí poiblí le freastal ar phobal na Gaeilge ar cheann de na ceapa tuisle is mó faoi láthair do phobal na Gaeilge. Tá an fhoráil san Acht leasaithe go mbeidh 20% d'earcaithe sa tseirbhís phoiblí inniúil sa Ghaeilge faoin mbliain 2030 cinniúnach le go dtiocfaidh feabhas ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge. Tuigtear go bhfoilseofar an Plean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí trí Ghaeilge go luath, plan a forbraíodh faoi stiúir an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge. De réir forála eile san Acht leasaithe chuir an Coiste tuarascáil ar dhul chun cinn ar obair an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge, don tréimhse 20/6/2022 - 31/12/2023, faoi mo bhráid agus beidh tráchttaireacht ina leith á cur faoi bhráid an Aire agam roimh dheireadh na bliana seo. Is dea-scéala é gur fógraíodh le gairid go bhfuil an Plean Náisiúnta curtha faoi bhráid Aire Stáit na Gaeltachta ag an gCoiste Comhairleach agus go bhfuil an Plean le foilsiú go luath.

Mar a luaigh mé thuas, i bhfianaise ábhar agus líonmhaireacht na ngearán a fhaigheann m'Oifig ar bhonn leanúnach beidh sé ina bhunriachtanas don Phlean Náisiúnta cur chuige réadúil agus céimnithe i dtreo na sprice 20% a leagan amach ionas go mbeidh dóthain foirne ag a bhfuil cumas maith sa Ghaeilge fostaithe sa tseirbhís phoiblí d'fhonn freastal go sásúil ar phobal na Gaeilge. Ní mór gráid na foirne a bheidh ag teastáil a thabhairt san áireamh, ní hamháin chun seirbhísí i nGaeilge ar ardchaighdeán a sholáthar ach lena chinntiú go mbeidh ceannaireacht dhóthanach shinsearach ag a bhfuil Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bhforálacha nua a eascraíonn ó Acht leasaithe 2021.

Tá sé tábhachtach scála agus scóip na seirbhíse poiblí in Éirinn a choinneáil i gcuimhne maidir leis na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn i ndáil seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú ar fud na seirbhíse poiblí agus i gcomhthéacs na forála 20% d'earcaithe le hinniúlacht sa Ghaeilge. Léiríonn figiúirí atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go raibh 397,121 duine fostaithe sa tseirbhís phoiblí ag deireadh 2023. Áiríonn na figiúirí sin an státseirbhís agus earnálacha an leighis, an oideachais, na cosanta, an dlí, na n-údarás áitiúil agus áisíneachtaí stáit neamhthráchtála (NCSA).

De réir na foinse céanna tháinig méadú 19,811 ar líon na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí ó 377,310.50 ag deireadh ráithe 4 in 2022 go 397,121.81 ag deireadh ráithe 4 2023. B'ionann caiteachas iomlán an stáit ar an tSeirbhís Phoiblí in 2023 agus beagnach €26.6bn¹, an t-iomlán ab airde riamh. Léiríonn éagsúlacht rólanna agus oibríochtaí na n-earnálacha thuasluaite an riachtanas a bheidh ann d'earnáil na hOllscolaíochta Gaeilge dóthain céimithe le Gaeilge a sholáthar chun na deiseanna fostaíochta nua a ghlacadh lena chinntiú go n-éireoidh leis an bhforáil 20% d'earcaithe le Gaeilge faoi dheireadh 2030. Beidh ról lárnach ag an bPlean Náisiúnta freisin i léiriú an bhealaigh trína bhforbrófar acmhainneacht na hearnála Ollscolaíochta Gaeilge le tacú le gnóthú na forála 20% d'earcaithe le Gaeilge faoin mbliain 2023.

¹ [Treochtaí San Earnáil Phoiblí – An Foras Riaracháin 2023]

Córas na gCaighdeán Teanga

I measc na bhforálacha is tábhachtaí in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, ar mhaithe le cearta teanga phobal na Gaeilge a neartú, tá an soláthar do chóras nua na gcaighdeán teanga a chuirfear in ionad chóras na scéimeanna teanga. I gcaitheamh 2023, ba le gealltanais scéimeanna teanga nach raibh á gcur i bhfeidhm mar ba chóir a bhain 39% de líon iomlán na ngearán a fuair m’Oifig . Léiríonn an staid seo an géarghá atá le córas na gcaighdeán teanga a thabhairt i bhfeidhm.

I measc na laigí ba shuntasá a bhain le córas na scéimeanna teanga, bhí cúlú ar ghealltanais ó scéim go scéim, doiléireacht maidir le sonraíocht na seirbhíse a bhí le soláthar agus easpa soiléire maidir leis na hacmhainní foirne a bhí sé de dhualgas ar chomhlacht poiblí a chur ar fáil ina leith. Is díol suntais an líon gearán nach mbíonn m’Oifig in ann a fhiosrú cheal dualgas reachtúil a bheith ar chomhlachtaí poiblí ina leith i láthair na huair. Baineann na gearáin nach féidir a fhiosrú cheal dualgas go minic le cuid de mhodhanna seachadta a úsáidtear chun na croisheirbhísí poiblí a riarann an caidreamh laethúil a bhíonn ag an bpobal leis an Stát, mar shampla córais teicneolaíochta ar líne, seirbhísí deisce cabhrach a dhéantar a sheachadadh go cianda nó ar láithreacha fisiciúla, nó seirbhísí faisnéise teileafóin fiú. Is minic soláthar seirbhísí poiblí comhaimseartha a bheith taobh le meascán de na modhanna seachadta seo. Is díol suntais an méadú atá ag teacht ar bhonn leanúnach ar líon na seirbhísí poiblí ar líne.

Maidir le pleanáil d’fhorbairt seirbhísí poiblí in Éirinn don sé bliana amach romhainn is díol suntais na cuspóirí atá luaite ag an Rialtais ina straitéis dar teideal:

‘Cónascadh Rialtais 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhísí Phoiblí na hÉireann’ a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2022. Luaitear sa straitéis go mbeidh oiread agus 90% de sheirbhísí poiblí ar leith á seachadadh ar líne faoin mbliain 2030. Luaitear sa straitéis chéanna go bhfuiltear ag súil go mbeidh 80% de shaoránaigh na tíre ag úsáid an ardáin MyGovID faoin mbliain 2030 le teacht ar sheirbhísí poiblí áirithe.

I bhfianaise na mbearnaí reatha sa soláthar do sheirbhísí poiblí i nGaeilge cá bhfágann spriocanna náisiúnta mar seo forbairt seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán trí Ghaeilge do na blianta beaga amach romhainn? Cibé an iarratas ar Phas, ar Cheadúnas Tiomána, ar Uimhir nó ar Chárta Seirbhísí Poiblí atá a dhéanamh ag an bpobal teanga trí thairsí ar nós MyGovID, ba chóir go mbeadh na seirbhísí sin - idir an ghné den tseirbhís atá ar fáil ar líne agus an ghné chumarsáide labhartha idir an pobal agus ball foirne an chomhlachta phoiblí - ar fáil ar ardchaighdeán gan bhac, gan mhoill agus gan dua i nGaeilge, mar atá i mBéarla i láthair na huaire.

Le go rachfar i ngleic leis na bearnaí móra reatha sna croísheirbhísí a bhfuil tarraingt laethúil ag an bpobal orthu tá dhá chrann taca a chaithfidh a bheidh ina mbonn don Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí i nGaeilge, is iad sin córas nua na gcaighdeán teanga agus an soláthar do 20% d'earcaithe a bheidh inniúil sa Ghaeilge faoin mbliain 2030. Is bunriachtanas atá ann go ndéanfaidh coras nua na gcaighdeán teanga cur síos beacht ar na croísheirbhísí poiblí a theastaíonn ó phobal na Gaeilge ar bhonn leanúnach agus a bheidh dualgas ar chomhlachtaí poiblí a sholáthar ar ardchaighdeán. Ní bhainfear sprioc an ardchaighdeáin amach mura socrófar leibhéal cumais oiriúnacha teanga trí na caighdeáin teanga don fhoireann a bheidh ag soláthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge sa nGaeltacht. Cuimhnigí go mbeidh Aire na Gaeltachta in ann dáta a fhorordú faoina mbeidh seirbhísí atá comhlachtaí poiblí a chur ar fáil sa Ghaeltacht ar fáil trí Ghaeilge ina n-iomláine.

Tá sé deacair tionchar dearfach na forála sin a shamhlú gan soiléiriú a bheith ann faoi na seirbhísí a bheidh dualgas ar chomhlachtaí poiblí a sheachadadh agus an leibhéal cumas teanga a chaithfidh a bheith ag foireann na gcomhlachtaí poiblí a bheidh á seachadadh. Gné chriticiúil den Phlean Náisiúnta freisin is ea go n-oibreoidh córas na gcaighdeán teanga agus an fhoráil 20% d'earcaithe atá inniúil sa Ghaeilge taobh le taobh, ach seirbhísí criticiúla a theastaíonn ó phobal na Gaeilge a aithint agus dóthain foirne atá inniúil go cuí sa Ghaeilge a bheith á n-earcú chun na seirbhísí sin a sholáthar ar ardchaighdeán gach lá den tseachtain.

Dea-thionchar an Achta nua (2021)

Tá tosach feidhme tugtha ag Aire na Gaeltachta do chuid de na forálacha tosaigh a chuimsítear in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. I measc na bhforálacha is suntasaí agus is feiceálaí sa reachtaíocht nua a cuireadh i bhfeidhm go dtí seo, tá foráil a leagann dualgas ar chomhlachtaí poiblí 20% dá bhfógraíocht a dhéanamh i nGaeilge gach bliain agus 5% dá mbuiséid a chaitheamh ar fhógraíocht ar na meáin Ghaeilge gach aon bhliain freisin. Is cinnte go bhfuil an fhoráil sin ag cur le feiceálacht agus le húsáid na Gaeilge ar fud na meán cumarsáide éagsúla agus tá sé tábhachtach an forás sin a aithint. Mar chuid de sheimineár ar chearta teanga ag Oireachtas na Samhna i mbliana beidh tuarascáil á foilsiú agam a thabharfaidh léargas ar fheidhmiú na forála nua fógraíochta don bhliain 2023.

I dtéarmaí ceannaireachta eagraíochtúla, tá sé ríthábhachtach feidhmiú cearta teanga a neadú i sícé rialachais na gcomhlachtaí poiblí. Chun na críche seo tá tábhacht leis an bhforáil san Acht leasaithe (2021) a leagan dualgas ar cheann gach comhlachta phoiblí ball foirne den bhainistíocht shinsearach a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta. Tá dualgas ar an mball foirne sin tuairisciú ar ais chuig an gceannasaí ar fheidhmiú a d(h)ualgas faoin Acht Teanga agus tuairisciú a dhéanamh i dTuarascáil Bhliantúil an chomhlachta phoiblí ar fheidhmiú an Achta Teanga sa gcomhlacht poiblí. Tháinig an fhoráil seo maidir le rialachas corpáráideach i leith an Achta Teanga i bhfeidhm an 5 Bealtaine 2023 agus tá iniúchadh á dhéanamh ag m'Oifig i láthair na huaire ar ghéilliúlacht comhlachtaí poiblí don dualgas nua seo.

Cearta Teanga in Earnálacha Criticiúla

Is féidir linn an bhéim a leag rialtais éagsúla ar earnáil an oideachais maidir le cur chun cinn na Gaeilge a rianú siar go dtí bunú Shaorstát Éireann in 1922. Ceann de phríomhshnáithe an pholasaí sin is ea go múiní an Ghaeilge go héigeantach do gach páiste sna scoileanna. Bhíothas ag súil go gcuirfeadh sé seo pobal cainteoirí feidhmiúla Gaeilge ar fáil. De réir fhigiúirí na Roinne Oideachais féin, tagann isteach agus amach le trí scór míle dalta agus mac léinn faoi anáil an oideachais lán-Ghaeilge in aghaidh na bliana, idir bhunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht náisiúnta agus Ghaeltachta. Ní

léir go bhfuil freastal cóir á dhéanamh, áfach, ar an éileamh ar sholáthar na iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Is ceist thábhachtach náisiúnta í seo atá m’Oifig a fhiosrú leis an Roinn Oideachais i láthair na huaire i gcomhthéacs na ndualgas reachtúla ábhartha san Acht Oideachais 1998. Má tá soláthar acmhainne daonna atá inniúil go cuí sa Ghaeilge le bheith ar fáil go fadtéarmach d’fhonn freastal ar an bhforáil 20% d’earcaithe ag a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge sa tseirbhís phoiblí, caithfidh an phleanáil tosú ag leibhéal na réamhscolaíochta, na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Mar a bhfuil trácht déanta agam air cheana, beidh beart náisiúnta ag teastáil ag leibhéal na hOllscolaíochta Gaeilge freisin d’fhonn céimithe a chur ar fáil sna disciplíní éagsúla a bhíonn ag teastáil le dul ag obair in earnálacha éagsúla den tseirbhís phoiblí.

Clár Faireacháin 2023

Socraíodh ar dhá thosaíocht i gclár bliantúil iniúchta na hOifige in 2023. Bhain an chéad tosaíocht le hiniúchadh a dhéanamh ar ghéilliúlacht na 18 roinn rialtais d’fhoráil alt 9(1) (Fógairtí Taifeadta Béil). Bhí 16 as na 18 Roinn Rialtais a ndearnadh iniúchadh orthu géilliúil d’fhoráil alt 9(1) (Fógairtí Taifeadta Béil). Ar bhonn comparáide tras-earnálaí, is díol suntais an leibhéal ard géilliúlachta i bhfógairtí taifeadta béil i measc Ranna Rialtais in 2023 le hais an leibhéal géilliúlachta i measc na nÚdarás Áitiúil i ndáil leis an bhforáil chéanna san iniúchadh a rinneadh in 2014.

Bhain an dara tosaíocht le géilliúlacht 13 údarás áitiúil don riachtanas faoi fho-ailt 10 (b) & (c) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus iad ag foilsiú aon tuarascála bliantúla agus aon chuntais iniúchta nó ráitis airgeadais. Agus scaipeadh déimeagrafach phobal na Gaeilge á chur san áireamh, roghnaíodh na 9 nÚdarás Áitiúla a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina gceantar feidhme acu mar aon leis na 4 údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath. Forbraíodh scéimre measúnachta ina bhfuil 5 cinn de ghráid, grád 1 Comhlíonadh iomlán – Grád 5 Neamh-chomhlíonadh iomlán). Rinneadh rangú eatramhach ar na húdaráis áitiúla bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh. Cuireadh an toradh eatramhach seo ar a súile do na húdaráis áitiúla agus tugadh deis dóibh faisnéis bhreise a chur ar fáil dá mba chúil sin. Rinneadh géilliúlacht na n-údarás

áitiúil a dheimhniú freisin ach scrúdú a dhéanamh ar a gcuid suíomhanna gréasáin. Bhain 10 gcinn as na 13 údarás áitiúil marc ghrád 3 (Comhlíonadh méid áirithe) nó níos airde amach maidir leis an mír faoi fhoilsiú na tuarascála bliantiúla go comhuaineach idir 2018 – 2022. D'éirigh le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an grád is airde 'Comhlíonadh iomlán' a bhaint amach i leith an dá fhoráil a bhí á n-iniúchadh, eadhon tuarascálacha bliantiúla agus ráitis airgeadais a fhoilsiú go comhuaineach.

Laige mhór eile a bhíonn le feiceáil sa soláthar a dhéanann comhlachtaí poiblí áirithe is ea an míchruinneas teanga a bhíonn le feiceáil sa soláthar sin. Creidim go gcabhróidh an fhoráil nua a leagann dualgas breise maidir le rialachas corparáideach ar chomhlachtaí poiblí i leith na reachtaíochta teanga trí bhall foirne den bhainistíocht shinsearach a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta, le dul i ngleic leis na neamhairt seo in imeacht ama. Mar aon leis an riachtanas i ndáil le síce rialachais na gcomhlachtaí poiblí i leith na reachtaíochta teanga a láidriú, caithfear cur le feacht na gcomhlachtaí poiblí ar na soláthróirí atá ar fáil go náisiúnta d'fhonn cabhrú le comhlachtaí poiblí cruinneas teanga a chinntiú ina soláthar féin.

Is chun ár leasa uile é go mbeadh comhoibriú idir obair na n-áisíneachtaí forbartha teanga agus Gaeltachta, polasaí Rialtais agus Ollscoile lena chinntiú go bhfuil dóthain saineolaithe aistriúcháin agus eagarthóireachta ar fáil chun freastal ar na deiseanna breise a eascróidh ó fheidhmiú iomlán an Achta leasaithe. Is dóigh liom gur féidir cur le hobair thábhachtach Fhoras na Gaeilge maidir leis an Séala Creidiúnaithe Náisiúnta d'Aistritheoirí agus d'Eagarthóirí d'fhonn cur leis an soláthar sa réimse seo freisin.

Léiríonn líon agus éagsúlacht na bhfógraí atá le feiceáil agus le cloisteáil anois, de thoradh na forála nua ar fhógraíocht, go bhfuil géarghá le hacmhainn dhaonna a bhfuil sainscileanna acu, cuir i gcás sa smaointeoireacht chruthaitheach, sa scríbhneoireacht, san aistriúchán, i ndearadh grafaice, in athghuthú, san fhotheidealú agus, i léiriú físe trí Ghaeilge. I bhfianaise go bhforordaítear breis agus 500 comhlacht poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ba chóir an riachtanas atá ann

d'áisiúneacht náisiúnta chomhairleoireachta teanga a chabhródh leis na comhlachtaí poiblí cruinneas teanga a chinntiú ina gcuid soláthar ar bhonn leanúnach a bhunú.

Imscrúduithe

Léirigh dhá imscrúdú ar An Post agus Comhairle Contae na Gaillimhe an t-easnamh suntasach atá sna dualgais reatha atá ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí ríomhbhunaithe agus idirghníomhacha i nGaeilge a sheachadadh ar líne. Mar a thuairisc mé thuas tá géarghá go rachaidh córas nua na gcaighdeán teanga i ngleic leis na bearnaí seo maidir le seirbhísí idirghníomhacha ar líne a bheith ar fáil i nGaeilge.

Comhairle don Phobal agus do Chomhlachtaí Poiblí:

Le dhá bhliain anuas, tá méadú suntasach tagtha ar leibhéal na cumarsáide a bhíonn ag comhlachtaí poiblí le hOifig an Choimisinéara Teanga. Sa bhliain 2023, tháinig oifigigh ón iliomad comhlachtaí poiblí i dteagmháil le m'Oifig 381 uair. Is ionann an t-ardú sin agus méadú 33% ar 2022, agus fágann sin go bhfuil ardú 140% tagtha ar chásanna comhairleacha do chomhlachtaí poiblí ó 2021 i leith. Bhain 42% le fiosruithe fógraíochta faoi alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí), 14% leis an Acht leasaithe agus 44% le cearta teanga agus ábhair eile.

Tá m'Oifig tar éis infheistíocht mhór a dhéanamh i seimineáir eolais, i bhfeachtais feasachta agus i gcomhfhreagras comhairleach le comhlachtaí poiblí faoin ábhar sin. Mar thoradh ar shainchomhairle agus ar chomhairliúchán leis an earnáil fógraíochta, cuireadh treoir údarásach agus phraiticiúil ar fáil do chomhlachtaí poiblí agus don earnáil fógraíochta maidir leis an bhforáil reachtúil seo a chur i bhfeidhm.

Forbairt Eagraíochtúil

Tá ardú 45% tagtha ar bhuiséad Oifig an Choimisinéara Teanga idir 2020 – 2024, ó €845,000 - €1,522,00. Mhéadaigh allúntas foirne na hOifige freisin ó 9 – 14 ball foirne idir 2020 – 2024. Tá moladh ag dul do na hAirí Gaeltachta éagsúla agus d'ardbhainistíocht na Roinne a thacaigh leis na hiarratais chun acmhainní breise a chur ar fáil d'fhorbairt na hOifige. Go dtí seo in 2024 líonadh dhá phost, post nua amháin ar leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus aislíonadh poist ag leibhéal Oifigigh Feidhmiúcháin de thoradh ball foirne a dhul ar scor i Mí na Samhna 2023. Tá ceithre fholúntas ag an Oifig faoi láthair agus tá dúshlán áirithe ag eascairt ón achar ama a thógann sé poist áirithe a líonadh, go háirithe i bhfianaise an ualaigh oibre mhéadaithe ar fhoireann na hOifige de bharr theacht i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Tá obair ollmhór á déanamh ag foireann reatha na hOifige le déileáil leis an gclár oibre trom agus dúshlánach atá ar lámh.

Is státseirbhísigh ar iasacht ón Roinn iad foireann uile na hOifige, cé is moite den Choimisinéir Teanga, a cheapann Uachtarán na hÉireann, le tacaíocht Thithe an Oireachtais ar mholadh an Rialtais. Bíonn an Oifig ag brath ar chomórtais phainéil a reáchtálann an Roinn i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus d'fhéadfadh tréimhse bliana nó níos faide a bheith i gceist le poist ar leith a líonadh. Ábhar suntais go bhfuil ceada earcaíochta dá gcuid féin ag Oifigí Ombudsman eile in Éirinn a thugann an tsaoirse dóibh a gcuid comórtas earcaíochta féin a reáchtáil. Tá buntáistí ar leith ag baint le socruithe den tsórt seo lena n-áirítear a bheith in ann sainchritéir a bhaineann le rólanna ar leith a shonrú sna fógraí d'fholúntais maidir leis na rólanna seo. Creidim gur chóir breathnú ar shocrú den chineál seo sa chás go bhfuil tréimhsí fada i gceist le folúntais áirithe a líonadh san Oifig ar bhonn leanúnach. Beidh Plean Forbartha eagraíochtúil á fhoilsiú againn don Oifig an bhliain seo chugainn a chuireadh riachtanais foirne agus oibríochta mheántéarmacha na hOifige don tréimhse 2025-2028. Tréimhse fhíorthábhachtach a bheidh sna trí bliana 2025-2028 mar go mbeidh an Oifig ag tabhairt aghaidh ar an ualach oibre a eascróidh ó na forálacha reachtúla nua atá le teacht i bhfeidhm go fóill, agus ó thaobh monatóireachta a dhéanamh ar fheidhmiú na forála 20% d'earcaithe le Gaeilge, ar na caighdeáin teanga nua agus ar an bPlean Náisiúnta trí chéile.

Deiseanna

Is tréimhse chinniúnach a bheidh sna blianta beaga seo romhainn ar mhaithe le cearta teanga phobal na Gaeilge a threisiú ach feabhas as cuimse a theacht ar chaighdeán na seirbhísí poiblí atá ar fáil don phobal trí Ghaeilge. Mar Choimisinéir Teanga feicim deiseanna nach bhfacthas a leithéid cheana chun sineirgíocht a chothú idir bearta suntasacha de shraith straitéisí an stáit i dtaca leis an nGaeilge a chur chun cinn go náisiúnta. Is bearta suntasacha de shraith straitéisí an stáit iad Acht na Gaeltachta 2012, a chuir an próiseas pleanála teanga ar bhonn reachtúil ar mhaithe le buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga pobail sa Ghaeltacht, agus Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021 a láidríonn cearta teanga an phobail.

Ní mór athshamhlú agus athchumrú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí poiblí an Stáit trí Ghaeilge. Is den bhunriachtanas é go mbeadh éascaíocht agus mealltacht ag baint le rochtain ar sheirbhísí poiblí do phobal labhartha na Gaeilge. Mar aon le dlús criticiúil foirne le Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí ionas go gcuirfidh an pobal teanga muinín i seachadadh seirbhísí poiblí, tá inrochtaine ar na seirbhísí chomh tábhachtach céanna.

Tá deiseanna ar leith trína bhféadfadh an próiseas pleanála teanga agus an reachtaíocht teanga teacht aníos le réitigh shamhlaíocha trína mbeidh freastal i bhfad níos fearr á dhéanamh ag an stát ar phobal na Gaeilge. Tá bonneagar náisiúnta pleanála teanga á fhorbairt trí na limistéir phleanála teanga, líonraí agus bailte seirbhíse Gaeltachta a mba chóir a úsáid d'fhonn rochtain i bhfad níos fearr a éascú don phobal teanga ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge.

Má shamlaíonn muid molanna nó campais ilfhreastail a mbeadh lonnaithe láidir iontu ó thaobh foirne na gcomhlachtaí poiblí a bheadh ag seachadadh seirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go dtógfadh a leithéid de champais ar an mbonneagar oideachais, teicneolaíochta, sealbhaithe agus buanaithe teanga atá sa nGaeltacht cheana. Chothófaí dlús sa raon seirbhísí poiblí, dlús sa bpobal foirne a bheadh ag seachadadh

na seirbhísí agus dlús san éileamh ón bpobal teanga lena leithéid de shamhail seachadta seirbhísí poiblí. Luíodh an forás seo isteach go huile agus go hiomlán leis na forálacha nua atá san Acht leasaithe freisin go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre in oifigí na gcomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht ó dháta a fhorordóidh Aire na Gaeltachta.

Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don phobal agus do na comhlachtaí poiblí as a gcomhar agus a gcúirtéis sa déileáil a bhíonn agam féin agus ag foireann na hOifige leo. Táim thar a bheith buíoch freisin den Chomhchoiste as a n-airdeall seasta ar cheisteanna a bhaineann le láidriú chearta teanga phobal na Gaeilge lena chinntiú go mbeidh cothrom na Féinne á fháil ag an bpobal teanga.

Go raibh míle maith agaibh as bhur n-éisteacht.

An Coimisinéir Teanga

Séamas Ó Concheanainn